



Европейски парламент Parlamento Europeo Evropský parlament Europa-Parlamentet Europäisches Parlament
Euroopa Parlament Ευρωπαϊκό Κοινοβούλιο European Parliament Parlement européen Parlaimint na hEorpa
Evropski parlament Parlamento europeo Eiropas Parlaments Europos Parlamentas Európai Parlament
Parlament Ewropew Europees Parlement Parlement Europejski Parlamento Europeu Parlamentul European
Európsky parlament Evropski parlament Euroopan parlamentti Europaparlamentet

FREAGRAÍ Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AR AN TUARASCÁIL SPEISIALTA Ó CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

GLACTHA AG BIÚRÓ PHARLAIMINT NA hEORPA AN 6 MEITHEAMH 2022

**“INSTITIÚIDÍ AN AONTAIS EORPAIGH AGUS COVID-19: FREAGRA MEAR TUGTHA,
DÚSHLÁIN FÓS AMACH ROMHAINN CHUN AN NUÁLAÍOCHT AGUS AN
tSOLÚBTHAIGHT I nGÉARCHÉIM A FHEABHSÚ”**

BREATHNÓIREACHTAÍ

D'éirigh leis na hinstitiúidí an cur isteach ar a bpríomhghníomhaíochtaí a íoslaghdú

Chomhlíon na hinstitiúidí a ndualgas cúraim i leith na foirne agus choinnigh siad a gcumas oibre sa siúl

Mír 43. Bhí saoráidí tástála na Parlaiminte, a bhí ar fáil ó mhí Mheán Fómhair 2020 ar aghaidh, rithábhachtach ó thaobh leanúnachas gnó a áirithiú sa Pharlaimint trí tharchur inti a rianú agus a theorannú go docht agus trína áirithiú go mbeadh na Feisirí agus an fhoireann in ann taisteal, in ainneoin na srianta taistil a bhí i bhfeidhm.

Tá tús curtha leis an measúnú ar éifeachtúlacht na mbealaí nua oibre i dtimpeallacht iar-ghéarchéime

Tá an measúnú níos forbartha maidir le príomhghníomhaíochtaí ná maidir le cúraimí tacaíochta

Mír 78. Rinne Parlaimint na hEorpa dhá shuirbhé foirne: Meitheamh agus Samhain 2020. Léiríodh sa dá shuirbhé go raibh an fhoireann ag súil le húsáid níos leithne teilea-oibre tar éis an phróisis.

Ní dhéantar meastóireacht chomhsheasmhach ar thionchair bhuiséadacha agus chomhshaoil na socruithe oibre nua ar fud na n-institiúidí

Mír 92. Rinne an Pharlaimint roinnt anailísí ar thionchar bhearta COVID-19 ar fheidhmíocht chomhshaoil, lena n-áirítear réamhanailísí ag deireadh 2020, agus miondealú mionsonraithe mar chuid de thuiriscí rialta comhshaoil in 2021. Mar chéad chéim i measc institiúidí uile an Aontais, rinneadh anailís ar thionchair chomhshaoil na teilea-oibre (costais agus tairbhí araon) agus cuireadh san áireamh iad i bpríomhtháscairí feidhmíochta comhshaoil na Parlaiminte.

Léirigh Straitéis Mheántéarmach EMAS, athbhreithniú ar fheidhmíocht chomhshaoil agus ar spriocanna comhshaoil tionchair na mbeart a bhaineann le paindéim chomh maith le tagairt do na buntáistí a d'fhéadfadh a bheith ann san fhadtéarma as leanúint le cuid de na cleachtais a fhorbraítear mar fhreagairt ar an bpaindéim.

Mír 93. Mar gheall ar thaisteal misin laghdaithe d'ateangairí agus do bhaill foirne eile, bhí tionchar dearfach suntasach ar fheidhmíocht chomhshaoil na Parlaiminte, go háirithe ar lorg carbóin na Parlaiminte. B'ionann iompar daoine (lena n-áirítear comaitéireacht, taisteal misin, iompar na bhFeisirí agus iompar cuairteoirí fóirdheonaithe) agus breis agus 60 % de lorg carbóin iomlán na Parlaiminte i mblianta réamh-COVID. In 2020, laghdaíodh an figiúr sin go 33 % den lorg carbóin, a bhí beagnach 50 % níos lú ná mar a bhí in 2019.

Chun na tionchair dhearfacha sin a choinneáil, seoladh roinnt gníomhaíochtaí chun astaíochtaí ó iompar daoine tar éis COVID a laghdú, amhail an Creat um Fhorghníomhú Straitéiseach 2022-2024 a ghlacadh le caibidil maidir le Claochlú Éiceolaíoch, lena n-áirítear 17 dtionscadal chun feidhmíocht chomhshaoil a fheabhsú, Plean Gníomhaíochta EMAS 2022 chomh maith le hanailís ar bhearnaí agus gníomhartha féideartha chun spriocanna 2024 a bhaint amach.

Faoi láthair, déantar obair leantach ar an anailís ar bhearnaí agus ar na gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann ar leibhéal éagsúla, lena n-áirítear an Biúró.

Tá Parlaimint na hEorpa neodrach ó thaobh carbóin de ó 2016 i leith toisc go bhfritháiríonn sí a cuid astaíochtaí dosheachanta bunaithe ar chinneadh ón mBiúró ó mhí Dheireadh Fómhair 2015.

CONCLÚIDÍ AGUS MOLTAÍ

Moladh 1 – Suaitheadh fadtéarmach agus comhar idirinstiúideach sna pleananna leanúnachais gnó a chur san áireamh

Glacann an Pharlaimint leis an moladh ón gCúirt.

Tá Grúpa Stiúrtha Idir-AS nua maidir le hAthléimneacht Eagraíochtúil curtha ar bun ag an bParlaimint. Is é an príomh-mhisean atá aige anailís ar bhagairtí agus brath riosca a chothú. Déanfar anailís ar chineálacha éagsúla cur isteach féideartha, lena n-áirítear bristeacha fadtéarmacha. Saibhreofar Pleananna Leanúnachais Gnó, ar leibhéal na nArd-Stiúrthóireachtaí agus ar leibhéal chorparáideacha dá réir.

Saothrófar an comhar idirinstiúideach a tharla go rialta ar gach leibhéal le linn ghéarchéim COVID-19 agus déanfar é a fhoirmeáil tuilleadh, aon uair a mheastar é a bheith éifeachtach. Tabharfar aird ar leith ar shocruithe agus comhaontuithe praiticiúla CB a shainiú, nuair is ábhartha, chun freagairt chomhordaithe a thabhairt ar ghéarchéimeanna a mbíonn tionchar acu ar roinnt instiúidí de chuid an Aontais nó ar instiúidí uile an Aontais.

Moladh 2 – Digiteáil na seirbhísí riaracháin a fhorbairt tuilleadh

Glacann Parlaimint na hEorpa leis an moladh ón gCúirt.

Is cuid é an cuspóir sin de Chreat an Ard-Rúnaí um Fheidhmiú Straitéiseach 2022-2024 agus dá straitéis maidir le claochlú digiteach do Pharlaimint na hEorpa in 2024.

Cuimsíonn an dá chlár “Claochlú digiteach le haghaidh sreafaí oibre éifeachtúla” agus “ionad oibre táirgiúil” 12 thionscadal ar fad ar cuireadh tús leo in 2021 agus in 2022 agus a bhfuil sé beartaithe leo tuilleadh digiteála a dhéanamh ar phróisis riaracháin agus reachtacha na Parlaiminte. Sa chreat sin, tabharfar aghaidh ar dhigiteáil bhreise an tsoláthair lena n-áirítear sonraisc leictreonacha agus ar dhigiteáil bhreise ar gach sreabhadh oibre, lena n-áirítear sínithe leictreonacha.

Tá sé beartaithe ag an bParlaimint tús a chur leis an ríomhshníú cáilithe go fóill le linn na bliana 2022. Tá meitheal bunaithe ag an bParlaimint chun úsáid an ardáin ríomhshonraisc a chur chun cinn tuilleadh.

Moladh 3 – Measúnú ar oiriúnacht na mbealaí nua oibre sa timpeallacht iar-COVID-19

Glacann an Parlaimint le moltaí na Cúirte.

Tá córas sofaisticiúil ag an bParlaimint chun na méadrachtaí a bhaineann lena príomhghníomhaíochtaí a bhailiú. Tá na méadrachtaí sin in úsáid cheana féin agus déanfar iad a bheachtú tuilleadh chun cáilíocht agus éifeachtúlacht na gcruinnithe hibrideacha agus na teilea-oibre a thomhas.

Tá tús curtha ag an bParlaimint le plé maidir le húsáid a spáis oifige i gcás iar-COVID.

Déanann an Parlaimint faireachán ar thionchair chomhshaoil a cuid gníomhaíochtaí go léir, lena n-áirítear anailís shonrach a dhéanamh ar thionchar na teilea-oibre, mar chuid dá faireachán ar phríomhtháscairí feidhmíochta comhshaoil.